C/2025/347

14.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11846 – GENERAL ATLANTIC / PSG / HOSTAWAY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/347)

1. An 6 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cistí atá á mbainistiú ag cleamhnaithe General Atlantic HW B.V. ('GA', an Ísiltír),

— Cistí atá a mbainistiú ag cleamhnaithe PSG Equity L.L.C. ('PSG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Hostaway Oy (An Fhionlainn).

Gheobhaidh GA agus PSG rialú comhpháirteach ar Hostaway Oy de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é GA atá faoi úinéireacht cistí atá á mbainistiú agus/nó á gcomhairliú ag cleamhnaithe General Atlantic Service Company L.P., gnólacht cothromais phríobháidigh a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Gníomhaíonn GA agus General Atlantic Service Company L.P. ar bhonn domhanda,

— Is gnólacht cothromais fáis é PSG Equity a oibríonn i gcomhar le cuideachtaí seirbhísí bogearraí agus cumasaithe teicneolaíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Hostaway Oy: réiteach ilfheidhme bogearraí bainistíochta cíosa saoire, a oibríonn i gcomhar le bainisteoirí maoine i ndáil lena réadmhaoin saoire gearrthéarmach ar bhonn domhanda.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11846 – GENERAL ATLANTIC / PSG / HOSTAWAY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË